C/2025/2768

15.5.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún ([1])

(C/2025/2768)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Prosciutto Toscano'

Uimh. AE: PDO-IT-1494-AM01 — 17.2.2025

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm an táirge**

'Prosciutto Toscano'

2. **Ballstát ar leis an limistéar geografach**

An Iodáil

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

An Aireacht Talmhaíochta, Biafhlaithis agus Foraoiseachta - An Roinn Biafhlaithis agus Spóirt Eachaíochta

—

5. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

Míniú ar an bhfáth a dtagann an leasú (nó na leasuithe) faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143

Na leasuithe ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ATFC Prosciutto Toscano:

— níl i gceist leo athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ná ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint, ná ar úsáid an ainm sin;

— níl baol ann dá mbarr go ndéanfar neamhniú ar an nasc dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (b), i dtaca le hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ná ar an nasc dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (b), i dtaca le tásca geografacha faoi chosaint; nó

— níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

1. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 1

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc: Sonraítear leis an leasú nach mór na muca a ghearradh freisin i réigiúin na Lombairde, Emilia-Romagna, Marche, Umbria, Lazio agus na Tuscáine.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

2. *Leasú ar Airteagail 2 agus 3*

Leasú 2

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, agus le hAirteagal 3, an chéad mhír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear roinn shonrach isteach maidir le 'Saintréithe géiniteacha', a chuirtear in ionad na faisnéise maidir le pórtha a thugtar in Airteagal 3 den tsonraíocht táirge. Soiléiríodh tionscnamh géiniteach an amhábhair i ndáil le cineál géiniteach na n-ainmhithe pórúcháin, idir fhireann agus bhaineann, trí na teaglamaí géiniteacha ceadaithe a chur isteach. Dá bhrí sin, rinneadh an tagairt sa téacs do na forálacha maidir le pórtha le haghaidh ATFC Prosciutto di Parma agus ATFC Prosciutto di San Daniele a ionadú.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 3

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach tábla ina mínítear na ceanglais ghéiniteacha le haghaidh muc agus na teaglamaí ceadaithe agus neamhcheadaithe.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 4

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach tagairt don liosta de chineálacha géiniteacha atá formheasta ag an Aireacht Talmhaíochta, Biafhlaithis agus Foraoiseachta.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 5

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear cosc ar chosa a úsáid ó chollaigh agus ó chránacha agus ó mhuca ina bhfuil tréithe neamhfhabhracha (PSS).

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

6. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 6

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach roinn shonrach maidir le 'Tógáil agus beathú'. Cuireadh céimeanna cróineolaíocha traidisiúnta na tógála muc isteach: diúl, baint den diúl, fás agus méathú agus, ar an dóigh sin, rinneadh an tagairt do ATFC Prosciutto di Parma agus do ATFC Prosciutto di San Daniele a ionadú.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

7. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 7

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach forálacha maidir le céim dhiúil na mbanbh, a bhfuil a fad, suas le 28 lá ar a laghad, i gcomhréir le forálacha Roinn C de Chaibidil II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/120/CE. Cuireadh isteach tagairtí freisin do bhainbh atá ar chíoch na gcránacha nó atá á mbeathú le bainne go saorga, do riar amhábhar ceadaithe agus d'úsáid mianraí, forlíontaí vitimín agus aimínaigéid, agus do bhreiseán.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

8. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 8

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, leagtar síos na modhanna agus an t-uainiú chun an cneasmharc tionscnaimh dúigh a chur ar dhá chos gach muice agus an cneasmharc gaolmhar agus samhalacha an phláta chun é a chur.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

9. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 9

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach tábla tagartha ina dtaispeántar an litir ba cheart a úsáid chun mí breithe an bhainbh a léiriú, atá le háireamh sa chneasmharc tionscnaimh.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

10. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 10

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, tá an fhéidearthacht ann gairis aitheantais a úsáid in ionad an chneasmhairc tionscnaimh arna chur ag an bhfeirmeoir nó in éineacht leis an gcneasmharc tionscnaimh.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

11. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 11

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach riail maidir le haois na muc a chinneadh i míonna.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

12. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 12

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach forálacha maidir le céim bhaint den diúl na muc. Tugadh isteach rialacha lena rialaítear fad na céime sin, meáchan uasta na mbanbh agus beathú. Tugadh isteach tagairt do 'beatha thirim' a thabhairt, d'fhorlíontaí vitimín, mianraí agus aimíonaigéid a úsáid, agus do bhreiseáin a úsáid. Méadaíodh an tréimhse bainte den diúl ó 80 lá go 3 mhí agus socraíodh an uasteorainn meáchain le haghaidh na mbanbh ag 40 kg.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

13. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 13

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach forálacha maidir leis an gcéim fáis, lena socraítear uasfhad 5 mhí agus lena méadaítear an meáchan is féidir a bhaint amach ó 80 kg go 85 kg ag deireadh na céime.

Rinneadh an tagairt do lamháltais ar amhábhair aonair, i gcomhréir le hAirteagal 17(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 a shonrú, agus scriosadh an tagairt don chéatadán 10 %. Cuireadh isteach go sainráite an fhéidearthacht don fheirmeoir an bheatha a thabhairt i bhfoirm thirim freisin.

Cuireadh isteach 'Tábla na n-amhábhar ceadaithe' agus tá sé le húsáid freisin le haghaidh na chéad chéime eile, i.e. méathú, ar cuireadh rialacha sonracha isteach ina leith. Leasaíodh ainmneacha na n-amhábhar seo a leanas, agus an ainmníocht dá bhforáiltear i rialacha an Aontais Eorpaigh agus a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna nuashonrú le Rialachán (AE) 2017/1017, á cur san áireamh:

— ní thagraítear do 'arbhar Indiach' san Iodáilis a thuilleadh mar '*mais*' ach ina ionad sin mar '*granturco*';

— tagraítear do 'seimilín' anois mar 'min';

— tagraítear do 'min mheidic na mbó dhíhiodráitithe' anois mar 'meidic na mbó (triomaithe ag teocht ard)';

— ní thagraítear do 'asbhrúchán rois' in Iodáilis a thuilleadh mar '*expeller di lino*' ach ina ionad sin mar '*panello di lino*', agus cuireadh na nithe seo a leanas leis: 'beatha asbhrúcháin rois', 'min rois', 'beatha mine rois';

— tagraítear do 'prabhait úll agus piorraí, craicne fíonchaor nó craicne trátaí mar iompróirí le haghaidh forlíontaí cothaitheacha' anois mar 'laíon torthaí agus laíon trátaí (prabhait trátaí) mar iompróirí réamh-mheasctha';

— tagraítear do 'giosta bríbhéireachta agus/nó giosta torula' anois mar 'giostaí';

— tagraítear do 'min úsctha ginidín arbhair Indiaigh' (úsáidtear an focal '*mais*'san Iodáilis) anois mar 'min ginidín arbhair Indiaigh' (úsáidtear an focal '*granturco*' san Iodáilis);

— tagraítear do 'triosc driogaireachta' anois mar 'triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha'.

Baineadh na hamhábhair seo a leanas:

— 'carúib as a bhfuil na clocha bainte';

— 'líseáití próitéine';

— 'prátaí díhiodráitithe';

— 'casabhach';

— 'laíon biatais brúite agus sadhlasaithe';

— 'min seasamain';

— 'min úsctha cnó cócó';

— 'min feola i gcás dea-cháilíochta amháin agus i gcás ina gceadaítear í faoi dhlí an Chomhphobail'.

Scriosadh an focal ‘coirce’ ón gcatagóir ‘mionghránaigh’.

Athraíodh cainníocht na n-amhábhar seo a leanas:

— ‘bláthach’ le haghaidh na céime fáis amháin (rud a athraíonn go 250 g ar a mhéad in aghaidh an chinn in aghaidh an lae d’ábhar tirim), gan dochar don cheanglas nár cheart ‘meadhg’ agus ‘bláthach’, le chéile, a bheith níos mó ná 15 lítear in aghaidh an chinn in aghaidh an lae;

— ‘min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair’ (ó suas le 5 % go dtí suas le 10 %);

— ‘arbhar Indiach’ (ó suas le 55 % go dtí suas le 65 %);

— ‘sorgum’ (ó suas le 40 % go dtí suas le 55 %);

— ‘eorna’ (ó suas le 40 % go dtí suas le 55 %);

— ‘cruithneacht’ (ó suas le 25 % go dtí suas le 55 %);

— ‘triteacál’ (ó suas le 25 % go dtí suas le 55 %);

— ‘laíon biatais díhiodráitithe’ (ó suas le 4 % go dtí suas le 10 %);

— ‘meidic na mbó, triomaithe ag teocht ard’ (ó suas le 2 % go dtí suas le 4 %).

Cuireadh na hamhábhair seo a leanas isteach:

— ‘min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘sadhlas arbhair Indiaigh’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘min arbhair Indiaigh lándéise’;

— ‘triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘beatha asbhrúcháin rois, min rois, beatha mine rois’;

— ‘lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘táirgí a fhaightear le linn síol ráibe a úscadh’;

— ‘pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe’, le haghaidh na céime fáis amháin.

Roinneadh an t-amhábhar ‘piseanna agus/nó síolta léagúim eile’ ina dhá iontráil: ‘piseanna’ agus ‘síolta léagúim eile’, agus méadaíodh na cainníochtaí (‘piseanna’ suas le 25 % agus ‘síolta léagúim eile’ suas le 10 %).

Maidir le ‘min gráin agus/nó déise arbhair’, sonraíodh go mbaineann sé sin le ‘gráin arbhair Indiaigh agus/nó dias arbhair’.

Tugtar ‘táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh’ ar ‘min úsctha soighe’ anois, agus rinneadh an céatadán úsáide le linn na gcéimeanna fáis agus méathaithe araon a chaighdeánú ag suas le 20 %.

Athraíodh ‘min lus na gréine’ go ‘táirgí a fhaightear le linn úscadh shíolta lus na gréine’, ar socraíodh a n-úsáid ag suas le 10 %.

I Nóta 4 a ghabhann leis an tábla, leagtar síos cion uasta amhshaille nach mó ná 2,5 % den ábhar tirim i gcás táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe, síolta lus na gréine agus síol ráibe a úscadh.

Cuireadh isteach an rogha mar atá mianraí, vitimíní agus breiseáin a úsáid.

I nóta 2, rinneadh an sainmhíniú ar ‘triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’ níos soiléire.

De bhreis ar an uasteorainn 2 % i gcás aigéad líonoiléach, tugann an leasú isteach uasteorainn saille 5 % d’ábhar tirim na haiste bia.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

14. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 14

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach an ceanglas go dtagann 50 % ar a laghad d'ábhar tirim na beatha muc, ar bhonn bliantúil, ón limistéar geografach ina dtógtar na muca.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

15. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 15

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, sna rialacha maidir le muca a bheathú a bhaineann leis an gcéim mhéathaithe, tagraítear siar don 'Tábla d'amhábhair cheadaithe' a áirítear sa chéim fáis, agus tá sonraíochtaí áirithe ann atá riachtanach don chéim mhéathaithe.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

16. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 16

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an ceathrú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach an roinn dar teideal 'Marú agus gearradh' agus cuirtear foclaíocht úr ar an bhforáil maidir le haois íosta na muice tráth a maraithe, gan í a leasú, ach á nascadh leis an tseiceáil trí bhíthin an chneasmhairc tionscnaimh agus/nó an ghairis aitheantais a ghlacann ionad an chneasmhairc tionscnaimh, nó a úsáidtear in éineacht leis, ar cneasmharc nó gaireas é a dtugtar tuairisc air sa chuid a bhaineann le beathú agus tógáil muc.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

17. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 17

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an ceathrú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach an critéar maidir le haois muc a ríomh chun críche maraithe.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

18. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 18

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an ceathrú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear foclaíocht úr ar an tagairt d'úsáid conablach H Trom chun Prosciutto Toscano a tháirgeadh.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

19. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 19

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an ceathrú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear meáchan conablaigh aonair idir 110,1 kg agus 168,0 kg in ionad an pharaiméadair i leith bheomheáchan na muice 160 kg +/-10 %.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

20. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 20

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an ceathrú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú sonraítear nach mór sonraí meáchain agus aicmithe a áirithiú tráth an mharaithe.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

21. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 21

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an ceathrú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, sonraítear go bhféadfar oibríochtaí gearrtha a dhéanamh freisin i ngléasraí gearrtha seachas an seamlas inar maraíodh na hainmhithe.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

22. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 22

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an ceathrú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach forálacha sonracha maidir le léiriú grafach agus toisí an stampa aitheantais agus maidir leis an tslí ina bhfuil sé le cur ag an seanmlas ar chosa oiriúnacha.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

23. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 23

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an ceathrú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, tá an fhéidearthacht ann gairis sainaitheantais a úsáid in ionad stampa aitheantais an tseamlais, nó in éineacht leis an stampa sin.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

24. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 24

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an cúigiú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, baintear an cúigiú mír d'Airteagal 2.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

25. *Leasú ar Airteagal 3*

Leasú 25

Baineann an leasú le hAirteagal 3, an chéad mhír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, bogtar an fhoráil ‘Ní mór do na muca a bheith ina bpórtha íona de na bunphórtha traidisiúnta, an Mhórmhuc Bhán agus an Mhuc Lanrásach, nó a bheith bainteach le pórtha a dhíorthaítear ó na pórtha sin. Ceadaítear pórtha eile nach bhfuil ar neamhréir le haidhmeanna an leabhair tréada.’ go hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge, ina leagtar amach, sa roinn dar teideal ‘Saintréithe géiniteacha’, na ceanglais ghéiniteacha le haghaidh muc.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

26. *Leasú ar Airteagal 3*

Leasú 26

Baineann an leasú leis an dara mír d’Airteagal 3 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach na blastanais nádúrtha aonair de thionscnamh plandúil a úsáideann táirgeoirí go traidisiúnta sa mheascán saillte.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

27. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 27

Baineann an leasú le hAirteagal 5, an chéad mhír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Baineadh na focail ‘dá dtagraítear in Airteagal 7 thíos’.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

28. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 28

Baineann an leasú le hAirteagal 5.1, an tríú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Baineadh na focail ‘dá dtagraítear in Airteagal 7’.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

29. *Leasú ar Airteagal 7*

Leasú 29

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, baintear an fhoráil maidir leis an gcomhlacht rialúcháin.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

30. *Leasú ar Airteagal 8*

Leasú 30

Baineann an leasú le teideal Airteagal 8 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, athuimhrítear Airteagal 8 mar Airteagal 7.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

31. *Leasú ar Airteagal 8*

Leasú 31

Baineann an leasú le hAirteagal 8, an mhír dheireanach, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Baineadh na focail ‘dá dtagraítear in Airteagal 7’.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

32. *Airteagal 8 nua a chur isteach*

Leasú 32

Leis an leasú, cuirtear Airteagal 8 nua isteach sa tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Cuireadh Airteagal 8 dar teideal 'Cruthúnas tionscnamh' isteach sa tsonraíocht táirge agus luaitear ann gur gá faireachán a dhéanamh ar na páirtithe uile i slabhra táirgthe an ATFC agus na páirtithe sin a chur faoi rialú an chomhlachta rialúcháin.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

33. *Airteagal 9 nua a chur isteach*

Leasú 33

Leis an leasú, cuirtear Airteagal 9 nua isteach sa tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Cuireadh Airteagal 9 dar teideal 'Nasc leis an gcomhshaol' isteach sa tsonraíocht táirge agus léiríonn sé an fhaisnéis a tugadh cheana sa doiciméad aonair i Rialachán (AE) Uimh 1135/2013 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2013, arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* L 302 an 13.11.2013.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

'Prosciutto Toscano'

Uimh. AE: PDO-IT-1494-AM01 — 17.2.2025

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

'Prosciutto Toscano'

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Iodáil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 16 — ULLMHÓIDÍ Ó FHEOIL, Ó ÉISC, Ó CHRÚSTAIGH, Ó MHOILISC NÓ Ó INVEIRTEABRAIGH UISCE EILE, NÓ Ó FHEITHIDÍ

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Nuair a scaoiltear 'Prosciutto Toscano' lena thomhailt, tá na saintréithe fisiceacha, orgánaileipteacha, ceimiceacha agus fisiceimiceacha seo a leanas ann: bíonn cuma chruinn ar an mbarr mar gheall ar iomaire feola a bheith ann a easbhrúnn 8 cm ar a mhéad thar dheireadh an fhéimir; bíonn an meáchan thart ar 8-9 kg ach ní bhíonn sé riamh níos lú ná 7,5 kg; nuair a osclaítear an táirge, trína shlisniú, nochtar feoil a bhfuil dath idir dearg éadrom agus dearg geal uirthi, agus gan mórán insíothlaithe saille sa fhíochán matáin; saill fho-chraicneach bhán íon ina bhfuil stríoca bándearga éadroma, agus í dlúth, gan aon línte a dheighleann na sraitheanna agus í ceangailte go daingean le dromchla an mhatáin. Féadfar 'Prosciutto Toscano' a scaoileadh lena thomhailt laistigh de thréimhse uasta 30 mí tar éis thús phróiseáil na gcos úr. Féadfar 'Prosciutto Toscano' a mhargú freisin agus é díchnámhaithe, ina sciartha, i.e. gearrtha ina phíosaí ar a bhfuil cruthanna éagsúla agus ina bhfuil meáchain éagsúla, nó ina slisní.

Tá blas fíneálta ar 'Prosciutto Toscano', blas saillte de ghnáth, agus tá dea-bholadh cumhra sainiúil air mar thoradh ar na modhanna traidisiúnta próiseála agus aosaithe.

Is iad seo a leanas na saintréithe ceimiceacha agus fisiciceimiceacha:

Salann (arna shloinneadh mar NaCl) 8,3 % ar a mhéad

Cion taise matáin 61,0 % ar a mhéad

Innéacs próitéilísis 30,0 % ar a mhéad

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Tagann na cineálacha beatha a úsáidtear go príomha ón limistéar sainithe a chomhfhreagraíonn don limistéar ina dtógtar na muca mar a shonraítear faoi phointe 4 den doiciméad aonair seo, ós rud é go bhfuil siad faoi réir bainistíochta atá bunaithe ar chóras comhtháite earnáilsonrach. I mblianta áirithe, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé indéanta go teicniúil, ar chúiseanna a bhaineann leis an aeráid agus ar chúiseanna tráchtála, 100 % de na hamhábhair le haghaidh na muc a fháil go háitiúil. Sna cásanna sin, chun an nasc leis an gcríoch agus cáilíocht Prosciutto Toscano a ráthú, áirithítear i gcónaí go dtagann 50 % ar a laghad d'ábhar tirim na n-amhábhar le haghaidh na muc, ar bhonn bliantúil, ón limistéar geografach ina dtógtar iad.

Le linn na céime bainte den diúl, is é atá san aiste bia na hamhábhair a cheadaítear le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm maidir le beostoc a bheathú. Féadfar aiste bia na muc a fhorlíonadh le vitimíní, mianraí agus aimínaigéid, agus féadfar breiseáin a úsáid i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Le linn na céime fáis, ní ceadmhach an t-ábhar tirim ó ghránaigh a bheith níos lú ná 45 % den iomlán. Ceadaítear na hamhábhair seo a leanas le linn na céime sin: min glútain arbhair agus/nó beatha glútain arbhair, arbhar Indiach, sorgum, eorna, cruithneacht, triteacál, sadhlas grán buí, min arbhair Indiaigh lándéise, min gráin bhuí, agus/nó min déise arbhair, mionghránaigh, bran cruithneachta agus fotháirgí eile ó phróiseáil cruithneachta, beatha asbhrúcháin rois, min rois, beatha mine rois, laíon biatais díhiodráitithe, laíon torthaí nó laíon tráta (prabhait trátaí) mar iompróirí réamh-mheasctha, meadhg, bláthach, triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha, meidic na mbó (triomaithe ag teocht ard), molás, táirgí a fhaightear le linn síolta ráibe a úscadh, táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh, min ginidín arbhair Indiaigh, piseanna, síolta léagúim eile, giostaí, lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu, min éisc, agus pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe.

Le linn na céime méathaithe, ní mór na forálacha uile a leagtar síos le haghaidh na céime fáis a chomhlíonadh, cé is moite de na heisceachtaí seo a leanas: ní ceadmhach an t-ábhar tirim ó ghránaigh a bheith níos lú ná 55 % den iomlán; ní fhéadfar 'pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe' agus 'min éisc' a úsáid.

Tagann na cosa úra a úsáidtear chun 'Prosciutto Toscano' a tháirgeadh ó mhuca a bheirtear, a thógtar agus a mharaítear agus a ghearrtar laistigh den limistéar a shainítear faoi phointe 4 den doiciméad aonair sin. Ní cheadaítear, maidir leis an muiceoil úr atá le húsáid, ach muiceoil a thagann ó chonablaigh a bhfuil meáchan idir 110,1 kg agus 168,0 kg iontu, arna ghrádú mar H Trom i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm maidir le grádú tráchtála conablach muc.

Faightear 'Prosciutto Toscano' ó chosa úra muc trom ar sliocht iad díobh seo a leanas:

(a) collaigh de na pórtha traidisiúnta, is iad sin an Mhórmhuc Bhán Iodálach, an Mhuc Lanrásach Iodálach agus an Mhuc Duroc Iodálach, arna bhfeabhsú ag Leabhar Tréada na hIodáile, bídís ina muca folaíochta nó crosphóraithe idir na pórtha sin, agus cránacha de na pórtha traidisiúnta an Mhórmhuc Bhán Iodálach agus an Mhuc Lanrásach Iodálach, bídís ina muca folaíochta nó crosphóraithe idir na pórtha sin;

(b) collaigh de na pórtha traidisiúnta a luaitear in (a) agus cránacha crosphóraithe nó cránacha de chineálacha géiniteacha eile ar choinníoll go bpóraítear iad faoi scéimeanna roghnaithe agus/nó crosphóraithe ina bhfuil na pórtha an Mhórmhuc Bhán, an Mhuc Lanrásach nó an Mhuc Duroc chun muca troma a tháirgeadh, agus aidhmeanna na scéimeanna sin comhoiriúnach le haidhmeanna Leabhar Tréada na hIodáile;

(c) collaigh agus cránacha de chineálacha géiniteacha eile ar choinníoll go bpóraítear iad faoi scéimeanna roghnaithe agus/nó crosphóraithe ina bhfuil na pórtha an Mhórmhuc Bhán, an Mhuc Lanrásach nó an Mhuc Duroc chun muca troma a tháirgeadh, a bhfuil aidhmeanna na scéimeanna sin comhoiriúnach le haidhmeanna Leabhar Tréada na hIodáile;

(d) collaigh de na cineálacha géiniteacha eile a luaitear in (c), agus cránacha de na pórtha traidisiúnta dá dtagraítear in (a).

Ní fhéadfaidh cosa úra muiceola a úsáidtear chun an táirge a dhéanamh teacht ón méid seo a leanas:

— collaigh agus cránacha;

— muca a bhfuil saintréithe neamhfhabhracha iontu, go háirithe soghabháltacht i leith struis (Siondróm Struis na Muc nó PSS).

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór na céimeanna sonracha i dtáirgeadh 'Prosciutto Toscano' — sailleadh, triomú, bratú le saill agus aosú — a dhéanamh sa limistéar táirgeachta traidisiúnta, lena n-áirítear críoch iomlán réigiún na Tuscáine.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór gach cineál táirge — díchnámhaithe, gearrtha ina phíosaí nó slisnithe — agus marcáilte roimh ré, a mhargú tar éis iad a phacáistiú i gcoimeádáin nó i bpacaí bia oiriúnacha atá séalaithe i gceart. Ní mór slisniú agus pacáistiú 'Prosciutto Toscano' a dhéanamh ag deireadh an phróisis aosaithe agus sa limistéar táirgeachta dá dtagraítear faoi phointe 4, chun a áirithiú go gcomhlíontar na tréimhsí éagsúla aosaithe le haghaidh an táirge shlisnithe agus go gcaomhnaítear na saintréithe a bhaineann le cion taise agus cuma chodanna matánacha agus sailleacha na slise, a dtugtar tuairisc orthu i bpointe 3.2. Dá gceadófaí na cosa atá le slisniú nó le gearradh ina phíosaí díchnámhaithe a choinneáil ar feadh tréimhsí neamhshonraithe i dtimpeallachtaí atá éagsúil leis na timpeallachtaí atá sonraithe, d'fhéadfadh sé go bhforbrófaí saintréithe nach bhfuil ag teacht leis na saintréithe sin a bhfuil eolas ar 'Prosciutto Toscano' ina leith, amhail múscán neamhghnách a fhoirmiú, díghrádú neamhghnách próitéine lena ngabhann athrú ar innéacs próitéilísis, nó fiú bréine na saille, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le dea-bholaithe agus blasanna atá éagsúil leo siúd a bhfuil meas ag tomhaltóirí orthu go traidisiúnta. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ocsaídiú ard ar na dromchlaí inite mar thoradh ar nochtadh na bpíosaí agus na slisní feola don aer roimh phacáistiú, rud ba chúis le dath na feola iompú go donn agus le triomú dhromchla an fhíocháin matáin nochta, nó le feoil sleabhctha i gcás barrachais taise.

Ní mór slisniú agus pacáistiú 'Prosciutto Toscano' a dhéanamh ag deireadh an phróisis aosaithe agus sa limistéar táirgeachta dá dtagraítear faoi phointe 4, chun a áirithiú go gcomhlíontar na tréimhsí éagsúla aosaithe le haghaidh an táirge shlisnithe agus go gcaomhnaítear na saintréithe a bhaineann le cion taise agus cuma mhatánach agus shailleach na slise, a dtugtar tuairisc orthu i bpointe 3.2.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Prosciutto Toscano' a áireamh ar an lipéad i gcarachtair shoiléire dhoscriosta, agus iad scartha go soiléir ó aon scríbhneoireacht eile. Ní mór na focail 'Denominazione di Origine Protetta' ['Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint'] nó an giorrúchán 'DOP' ['ATFC'] a chur díreach i ndiaidh an ainmniúcháin sin. Ní fhéadfar aon ní nach gceadaítear go sainráite a chur leis. Mar sin féin, ceadaítear faisnéis a chur leis a thagraíonn d'ainmneacha, do thrádainmneacha nó do mharcanna príobháideacha, ach amháin i gcás inar faisnéis mholtach iad nó i gcás inar dócha go gcuirfidís an ceannaitheoir amú. Ar an gcaoi chéanna, féadfar ainm na feirme ar ar tógadh na muca agus a chuir na táirgí ar fáil a thaispeáint, ar choinníoll go dtagann an t-amhábhar go hiomlán ón mbeostoc atá i gceist.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Ní mór d'fheirmeacha a thógann muca atá beartaithe chun 'Prosciutto Toscano' a tháirgeadh a bheith lonnaithe ar chríoch na réigiún seo a leanas: an Lombaird, Emilia-Romagna, Marche, Umbria, Lazio agus an Tuscáin. Déantar 'Prosciutto Toscano' a phróiseáil, a shlisniú agus a phacáil sa limistéar táirgeachta traidisiúnta, lena n-áirítear críoch iomlán réigiún na Tuscáine.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

5.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Tá dlúthnasc idir na tosca comhshaoil agus na gnéithe den limistéir táirgeachta, ina bhfuil gleannta den chuid is mó atá fionnuar agus ina bhfuil flúirse uisce agus cnoic choillteacha, agus imríonn na nithe sin go léir tionchar ar an aeráid agus ar shaintréithe an táirge chríochnaithe. Tá údar maith le táirgeadh logánta 'Prosciutto Toscano' mar gheall ar dhálaí an mhicreachreasa shainithe: mar gheall ar thírdhreach agus ar ghnéithe geografacha réigiún na Tuscáine, tá sé an-oiriúnach chun liamhása ardcháilíochta a tháirgeadh. Tá an aeráid fiú, atá an-difriúil le haeráid na

réigiún sa chomharsanacht, an-oiriúnach chun an t-aosú is fearr is féidir a dhéanamh ar an táirge. Dá bhrí sin, is sáraeráid í chun nasc tairbhiúil a bhunú idir an comhshaol agus táirgí réigiúnacha tipiciúla, rud a chumasaíonn aosú mall agus sláintiúil táirgí amhail fíon, ola olóige, cáis agus, ar ndóigh, liamhás. Sa timpeallacht sin, mar gheall ar ghníomhaíocht an duine, is féidir teicnící sonracha próiseála a fhoirfiú le haghaidh bearrtha nó sailleadh, ar teicnící iad atá níos oiriúnaí do na gnéithe comhshaoil agus ar teicnící iad atá caomhnaithe go dtí an lá atá inniu ann, chun tionchar cinntitheach a imirt ar shaintréithe 'Prosciutto Toscano' dá dtagraítear faoi phointe 3.2.

5.2. *Sainiúlacht an táirge*

Seasann 'Prosciutto Toscano' amach mar gheall ar a dhea-bholadh cumhra sainiúil, a bhlas fíneálta lena ngabhann tréithe tipiciúla.

Is liamhás amh é 'Prosciutto Toscano' nach cheadmhach a thréimhse aosaithe, ó shailleadh go margú, a bheith níos giorra ná 10 mí i gcás liamhás ag a bhfuil meáchan deiridh idir 7,5 agus 8,5 kg, agus nach giorra ná 12 mhí i gcás liamhás ag a bhfuil meáchan níos mó ná 8,5 kg. Ní mór 'Prosciutto Toscano' atá beartaithe le haghaidh slisnithe a aosú ar feadh 2 mhí níos faide ná na tréimhsí a shonraítear thuas, i.e. ar feadh 12 mhí ar a laghad i gcás liamhás a bhfuil meáchan idir 7,5 agus 8,5 kg iontu, agus ar feadh 14 mhí ar a laghad i gcás liamhás a bhfuil meáchan níos mó ná 8,5 kg iontu.

5.3. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge*

Fágann aeráid an limistéir táirgthe gur féidir táirgí agraibhia a bhfuil luach an-ard orthu a fháil agus, an tráth céanna, tús áite a thabhairt do na próisis aosaithe agus mínscagtha le haghaidh 'Prosciutto Toscano' agus na próisis sin a shaintréithriú. Is léir ón stair go bhfuil dlúthnasc domhain idir táirgeadh talmhaíochta, próiseáil an táirge agus na réimsí tagartha, ar nasc é a comhdhlúthaíodh agus a deimhníodh le forbairt tosca sóisialta, eacnamaíocha agus táirgthe agus le forbairt thaithí an duine, rud a neartaíodh leis na céadta blianta. A mhéid a bhaineann leis an limistéar sainithe as a dtagann an t-amhábhar, tá na tosca a bhaineann le tíreolaíocht, leis an gcomhshaol agus leis an taithí atá faighte ó tháirgeadh san earnáil tógála stoic thar a bheith seasmhach agus saintréitheach. Sa limistéar ina soláthraítear an t-amhábhar, tá forbairt feirmeoireachta ainmhithe nasctha le saothrú forleathan barr gránach agus le córais phróiseála a d'fhág gur dhírigh an táirgeadh go háirithe ar mhuca a thógáil.

A mhéid a bhaineann leis an limistéar próiseála níos teoranta, mar thoradh ar chumasc fachtóirí comhshaoil, aeráide, nádúrtha agus daonna, tá comhthéacs iomlán ann inar féidir an modh próiseála traidisiúnta a dhéanamh foirmiúil trí na teicnící a leagan síos a bhaineann go sonrach le saintréithe ATFC 'Prosciutto Toscano' a fháil. Tagann an dea-bholadh agus an blas sainiúil ó na teicnící próiseála sonracha atá á rialú ón 15ú haois agus lena ndéantar foráil go háirithe maidir leis an méid seo a leanas: bearradh speisialta i stua arb é is saintréith dó gearradh V-chruthach ó thús an chrúibín agus lena gcumasaítear an fheoil a thriomú ar bhealach níos éifeachtaí agus níos leata amach le linn an tsaillte; sailleadh tirim trí úsáid a bhaint as salann, piobar agus blastanais nádúrtha de thionscnamh plandúil; bratú le saill, a mbíonn piobar agus blastanais nádúrtha de thionscnamh plandúil ann i gcónaí agus, ar deireadh, aosú, a bhaineann tairbhe as na dálaí comhshaoil sa limistéar táirgeachta. Leis an aosú fada, lena nochtar na cosa do thaise nádúrtha, in éineacht le húsáid piobar agus blastanas, de réir nósanna áitiúla, le linn na gcéimeanna saillte agus brataithe saille, cinntear dea-bholadh cumhra, blas fíneálta lena ngabhann tréithe tipiciúla 'Prosciutto Toscano'.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252Ff%252Fa%252FD.535f332474cdb16e0869/P/BLOB%3AID%3D18907/E/pdf?mode=download